Commission's alleged failure to carry out a human rights impact assessment of the envisaged EU-Vietnam free trade agreement

Cinneadh

i gcás 1409/2014/MHZ gur theip ar an gCoimisiún Eorpach réamh-mheasúnú tionchair a dhéanamh ar chearta an duine i dtaca le comhaontú saorthrádála AE-Vítneam

Baineann an cás le cé acu ar cheart don Choimisiún Eorpach measúnú tionchair a dhéanamh ar chearta an duine mar chuid den idirbheartaíocht chun comhaontú saorthrádála a thabhairt i gcrích le Vítneam. Chreid na gearánaithe go raibh gá lena leithéid de mheasúnú, ach ba é seasamh an Choimisiúin nach raibh gá leis toisc go ndearnadh measúnú tionchair ar inbhuanaitheacht in 2009 i dtaca le comhaontú saorthrádála AE/ASEAN molta, ina raibh Vítneam páirteach.

Chinn an tOmbudsman gur drochriarachán a bhí i gceist le teip an Choimisiúin measúnú tionchair ar leith a dhéanamh ar chearta an duine, i dtaca le Vítneam. I Márta 2015, mhol sí don Choimisiún an measúnú sin a dhéanamh gan a thuilleadh moille.

Dhiúltaigh an Coimisiún. D'áitigh sé gur baineadh amach an sprioc chéanna leis na "hionstraimí beartais neamhthrádála" agus na clásail maidir le cearta an duine sa chomhaontú comhpháirtíochta agus comhoibrithe.

Níor aontaigh an tOmbudsman leis sin, agus dhírigh sí ar shaintréithe uirlis mheasúnaithe tionchair ar chearta an duine. Idir an dá linn, cuireadh an comhaontú i gcrích, agus dhún an tOmbudsman an cás le ráiteas criticiúil.